# Targaireacht Mhicheais

*Cómhaimsireach don fháidh Isaias ab ea Micheas Mhoraistí, agus is cosmhail le hIsaias é ’na mheón agus ’na chainnt. Baile beag i dtreibh Iúda ab ea Moraistí. Ní héinne amháin an Micheas so agus an fáidh Micheas úd ar a bhfuil trácht i leabhar a trí de leabhraibh na ríthe, caib. 22. I laethibh Achaib is ea do mhair sé siúd, céad agus caogad de bhlianaibh roimis an Micheas so, .i. roim aimsir Esechiais.*

## Caib. a hAon

*Íde mar gheall ar a pheacaíbh le teacht ar Shamaria, ó sna Assuíriánaigh. Cuirfid siad isteach, leis, ar Iúda agus ar Iérúsalem.*

1 Briathar an Tiarna do tháinig chun Micheais an Morastíteach, i laethibh Ioatain agus Achais agus Esechiais, ríthe Iúda: an briathar a chonaic sé i dtaobh Shamaria agus Iérúsalem. 2 Cloisidh, a dhaoine go léir: agus tugadh an talamh cluas, agus gach a bhfuil ar an dtalamh, agus bíodh an Tiarna in’ fhínné agaibh, an Tiarna, óna theampall naofa.

3 Óir, féach, tiocfaidh an Tiarna amach as a áit féinig, agus tiocfaidh sé anuas agus satlóidh sé ar áiteannaibh árda na talún, 4 agus leighfar na cnuic faoi, agus beid na gleannta dá scoltadh ar nós céarach ar aghaidh na tine, agus ar nós uisce ag rith le fánaidh an chnuic.

5 Mar gheall ar mhallaitheacht Iácóib é sin go léir, agus mar gheall ar pheacaíbh teaghlaigh Israél. Cad í mallaitheacht Iácóib? Nách í Samaria í? Agus cad iad áiteanna árda Iúda? Nách iad cathair Iérúsalem iad?

6 Agus cuirfeadsa Samaria i riocht cárnáin isteach i bpáirc nuair a bhíonn fíonghort planndaithe, agus béarfad a clocha liom síos sa ghleann agus fágfad a buínn liom. 7 Agus geárrfar go mion a rudai snoite go léir, agus loiscfar le tine a tuarastal[1] go léir, agus tabharfad chun íde a híodail go léir: óir is de thuarastal méirdrí do cruinníodh i dteannta ’ chéile iad, agus is chun tuarastail méirdí a chasfaid siad.

8 Uime sin a bheadsa ag caí agus ag blaidhrigh: bead ag imeacht lom, agus nocht. Bead ag déanamh uaille ar nós na *ndracon*, agus ag caoineadh ar nós na sruthanna, 9 óir tá a cneadh uathásach tagaithe chómh fada le Iúda féin, ag teangmháil le geata mo dhaoine[2] go dtí Iérúsalem féin.

10 Ná hínsidh é i nGet[3]. Ná deinidh caoineadh le sileadh deór. Croithidh luaithreach oraibh féin i dtigh na luatha. 11 Agus tusa a chónaíonn san áit álainn[4] imidh leat, agus do náire ’ot chlúdach. Is

---

1 Caib. 1. véar. 7. “*A tuarastal*”, .i. na bronntanaisí a thugann sí dá híodalaibh: nú tuarastal a ceannaíochta agus a saothair.
—*Ibid*. “*De thuarastal méirdí*”. Do chruinnigh aon chathair íodaladhartha amháin i dteannta ’ chéile iad, .i. Samaria, agus béarfaidh cathair íodaladhartha eile, .i. Ninive, chun siúil iad.

2 Véar. 9. “*Ag teangmháil le geata mo dhaoine*”, .i. leanfaidh cur isteach ar mo phobal i Iúda íde Shamaria, agus tiocfaid na hAssuíriánaigh agus scriosfaid siad an áit go léir, go dtí imeall Iérúsalem féin.

3 Véar. 10. “*Ná hínsidh é i nGet*”. .i. i measc na bhFilistíneach, le heagla go mbeidís ag déanamh áthais mar gheall ar úr mí-ádh.
—*Ibid*. “*Ná deinidh caoineadh le sileadh deór*”, .i. coiscidh úr ndeóra i dtreó ná tabharfaidh sibh caoi dúr namhdaibh ar tharcaisne ’ thabhairt díbh: ach ’núr dtithibh féinig, nú ’núr dtigh luaithrí, úr gcónaí saolta, bídh ag caitheamh luatha oraibh féin agus cuiridh culaith na haithrí oraibh féin. Dar le drong is ainm cathrach (Aphrah san Éabhrais) tigh na luatha.

4 Véar. 11. “*Tusa a chónaíonn san áit álainn*”, .i. Samaria. San Éabhrais is “Saphir” an focal atá ar “an áit álainn”, agus dar le drong is ainm cathrach é.

í do chónaíonn san imeall níor ghoibh sí amach, an teaghlach cómharsanach a bhí 'na seasamh léi féin do ghlac sí caoineadh uaibhse, 12 mar tá sí lagaithe[5] chun maitheasa, í sin atá 'na cónaí i searús. Óir tá olc tagaithe anuas ón dTiarna isteach i ngeata Iérúsalem. 13 Tá fothram cóistí tar éis alltachta do chur ar lucht cónaithe Lachis. Is é tosach an pheaca[6] é d'iníon Shíoin, óir is ionat a fuaradh coirthe Israél. 14 Cuirfidh sí, dá bhrí sin, teachtairí[7] go dtí oidhreacht Ghet: teaghlacha an éithigh chun ríthe Israél do mhealladh. 15 Ach fós tabharfadsa oidhre[8] chútsa atá id chónaí i Maresa: chun Odollaim féin is ea ' thiocfaidh glóire Israél.

16 Dein thu féin maol, agus beárrthar do cheann ar son do chlainne leice: leathnaigh do mhaoile ar nos an fhiolair: óir táid siad dá mbreith chun siúil uait i mbraighdineas.

**Caib. a Dó**

*Clann Israél, lena bpeacaíbh móra, ag gríosadh Dé chun pionóis a chur orthu. Tabharfaidh sé tógáilt cínn do Iácób fé dheireadh.*

1 Is mairg díbhse a bhíonn ag beartú an ruda atá neamhthairbheach, agus a bhíonn ag oibriú an uilc 'núr leapachaibh, i solas na maidine a dheinid siad é, óir tá a lámh i gcoinnibh Dé, 2 agus do shanntaíodar páirceanna, agus thógadar iad le lámh láidir, agus thógadar tithe le fóirneart. Agus dheineadar éagóir ar dhuine agus ar a theaghlach, ar dhuine agus ar a oidhreacht. 3 Dá bhrí sin seo mar adeir an Tiarna: Féach tá olc agamsa á bheartú in aghaidh an lín tí sin: olc ná tarraiceóidh sibh úr muineál uaidh, agus ní bheidh sibh ag siúl go mórchúiseach, óir is fíorolc an aimsir í seo.

4 Sa ló san tógfar suas parabal oraibh, agus beidh dán, agus port leis, dá chanadh acu san adeir: Táimíd scriosta creachta: tá cuid mo dhaoine athraithe: conas a dh'imeóidh[9] sé sin uaim, agus gur ag teacht atá sé chun ár dtíre do roinnt? 5 Dá bhri sin ní bheidh agat éinne[10] do chaithfidh téad an chraínnchuir i gcómhthionól an Tiarna.

6 Ná labhraidh agus ná habraidh: Ní thitfidh sé orthu so[11]: ní ghlacfaidh mearaí iad. 7 Deir teaghlach Iácóib: An bhfuil sprid an Tiarna ciorraithe, nú an iad san a smaointe? Nách maith iad mo bhréithre don té a shiúlann díreach? 8 Ach a mhalairt sin, táid mo dhaoine éirithe suas 'na namhaid. Tá an clóca tógtha agat ón gcasóig[12], agus na daoine a bhíodh ag gabháil thoraibh go macánta d'iompúir chun cogaidh iad. 9 Do chaithiúir mná mo phobail amach[13] as a dtithibh 'na

—*Ibid*. "*Níor ghoibh sí amach*", .i. an mhuíntir a bhí 'na gcónaí in sna himeallaibh níor ghabhadar amach ach d'fhanadar istigh trí neart eagla.

—*Ibid*. "*An tigh cómharsanach*", .i. Iúdéa agus Iérúsalem, cómharsain do Shamaria, agus iad páirteach, leis, 'na buairt agus 'na mí-ádh: bíodh gur leogadar orthu bheith ag seasamh leó féin agus iúntaoibh acu as a neart féinig.

5 Véar. 12. "*Tá sí lagaithe*", .i. tá Iérúsalem lagaithe chun aon mhaitheasa do dhéanamh: óir tá sí 'na cónaí i searús an pheaca.

6 Véar. 13. "*Tosach an pheaca*", .i. dob í Lachis an chéad chathair a dh'fhoghlaim adhradh na n-íodal ó Shamaria, agus a mhúin do Iérúsalem é.

7 Véar. 14. "*Teachtairí*", .i. cuirfidh Lachis teachtairí go dtí Get ag lorg cabhartha, agus ní bhfaighidh sí an chabhair, mar ní bheid i nGet ach teaghlach éithigh agus meallta d'Israél.

8 Véar. 15. "*Oidhre*". Maresa an ainm a bhí ar chathair i dtír Iúda, agus ciallaíonn an focal Maresa "oidhre": ach ínseann Dia do sna Giúdaigh, san áit sin, go dtabharfaidh sé chúthu "oidhre" a ghlacfaidh seilbh a n-oidhreachta: agus go gcaithfidh glóire Israél géilleadh, agus dul siar chómh fada [le][*] hOdollam, cathair a bhí amu' in imeall a dtíre. Agus dá bhrí sin cómhairlíonn sé dhóibh, sa véarsa a leannan, aithrí ' dhéanamh.

9 Caib. 2. véar. 4. "*Conas a dh'imeóidh*", .i. conas is féidir duit a rá go bhfuil an tAssuíriánach ag imeacht, agus é ag teacht chun ár dtíre do roinnt ar a dhaoinibh féinig?

10 Véar. 5. "*Ní bheidh éínne agat*", .i. ní bheidh crannchur ná oidhreacht a thuilleadh i dtalamh phobail an Tiarna.

11 Véar. 6. "*Ní thitfidh sé orthu so*". Sin mar a labhradh na daoine ná taithneadh caint na bhfáidhí[*] leó.

12 Véar. 8. "*An clóca ón gcasóig*". .i. do bhaintá de dhaoine an t-éadach a bhí riachtanach dóibh, agus na daoine a bhíodh ag gabháil an treó go macánta do dheintá leó mar ' dhéanfá le lucht cogaidh a chur ort.

13 Véar. 9. "*Do chaithis amach mná*", .i. tu féin dhá gcaitheamh amach as a dtithibh, nú tu ag tabhairt cúise le hiad a bhreith chun siúil i mbraighdineas, mar gheall ar do pheacaíbh, agus ansan, a gclann gan eólas choíche acu ar conas Dia do mholadh.

raibh aoibhneas acu, agus tá mo mholadh tógtha agaibh óna gclaínn go deó. 10 Éirídh agus imídh, óir níl aon tsuaimhneas le fáil agaibh san áit seo. Óir an neamhghlaine sin na talún truailleófar é le truailliú léanmhar. 11 Is trua[14] nách duine gan an sprid me, agus nách bréag a labhraim. Scaoilfead fíon 'na bhraonaibh chút, agus meisce, agus is ar an bpobal so a thitfidh sé.

12 Cruinneód agus baileód i dteannta ' chéile thu go léir, a Iácóib. Tabharfad i dteannta ' chéile iarsma Israél. Cuirfead i dteannta ' chéile sa chró iad 'na dtréad, caoire i lár chró na gcaeireach. Déanfaid siad callóid mar gheall ar iomad na ndaoine. 13 Óir, an té a dh'osclóidh an tslí rómpu raghaidh sé suas, deighilfid siad agus gluaiseóid siad tríd an ngeata agus tiocfaid siad isteach tríd, agus beidh a rí ag imeacht rómpu, agus an Tiarna ag á gceann.

**Caib. a Trí**

*Íde le déanamh ar chathair Iérúsalem agus ar an dteampall, mar gheall ar an gcos ar bolg a bhí ag lucht saibhris á dhéanamh ar na bochtaibh, agus mar gheall ar na fáidhibh bréagacha a bheith ag moladh daoine ar son bronntanaisí, agus mar gheall ar bhreithiúnaibh a bheith ag tabhairt breitheanna éagórtha.*

1 Agus duart: Cloisidh, a phriúnsaí Iácóib, agus a ríogra teaghlaigh Israél: Nách agaibhse atá eólas a bheith agaibh ar bhreithúntas? 2 Sibhse a thugann fuath don mhaith agus grá don olc: sibhse a bhíonn ag stracadh an chroicin díobh, agus ag baint na feóla dá gcnámhaibh? 3 Sibhse atá tar éis feóla mo dhaoine a dh'ithe agus tar éis an chroicin do ghearradh dhíobh anuas: agus atá tar éis a gcnámha do bhriseadh agus do bhrú fé mar a brisfí iad don chiteal, agus ar nós feóla, i lár an chorcáin. 4 Ansan is ea ' bheid siad ag glaoch ar an dTiarna agus ní éistfidh sé leó, agus cuirfidh sé a aghaidh i bhfolach uathu an uair sin, mar do dheineadar an mhallaitheacht 'na mbeartúchánaibh.

5 Seo mar adeir an Tiarna i dtaobh na bhfáidhí a bhíonn ag cur na ndaoine amú, a bhíonn ag creimeadh lena bhfiaclaibh agus ag fógart síochána, agus mura gcuirid duine rud éigin isteach 'na mbéal chúthu ollmhaíd siad cogadh 'na choinnibh. 6 Mar gheall air sin beidh an oíche agaibhse in inead na haislinge, agus doircheacht in inead na fáistine, agus raghaidh an ghrian fé ar na fáidhibh, agus dorchóidh an lá os a gcionn, 7 agus beidh mearaí ar lucht aislingí a dh'fheiscint, agus beidh mearaí ar an lucht fáistine, agus beid siad go léir ag clúdach a n-aghaidh, toisc gan aon fhreagra ' bheith ag teacht ó Dhia.

8 Ach fós táimse lán de neart spride an Tiarna, agus de bhreithiúntas agus de chómhact: chun go bhfógróinn do Iácób a mhallaitheacht agus d'Israél a pheaca. 9 Cloisidh so, a phriúnsaí teaghlaigh Iácóib, agus a bhreithiúna teaghlaigh Israél, sibhse go bhfuil an ghráin agaibh ar bhreithiúntas agus a bhíonn ag camadh gach ní a bhíonn ceart, 10 sibhse a bhíonn ag foirineamh Shíoin le fuil, agus Iérúsalem le mallaitheacht. 11 Thug a priúnsaí a mbreith uathu ar bhreabannaibh. Thug a sagairt teagasc uathu ar thuarastal: dhein a fáidhí fáistine ar airgead: agus bhíodh a muinín acu as an dTiarna agus deiridís: ná fuil an Tiarna 'nár lár? Ní thiocfaidh aon olc orainn. 12 Dá bhrí sin, beidh Síon dá treabhadh ar nós páirce agus beidh Iérúsalem 'na cárnán cloch mar gheall oraibhse, agus beidh cnuc an teampaill ar nós áiteanna árda na bhforaoisí.

**Caib. a Ceathair**

*An ghlóire a bheidh ag eaglais Chríost trí iompáil na nGeinte chun an chreidimh. Na Giúdaígh le breith go dtí Babilon i mbraighdineas, agus iad le fuascailt arís.*

---

14 Véar. 11. "*Is trua*", ba mhian leis an bhfáidh, bhí a leithéid sin de ghrá aige dá dhaoine, dearúd a bheith air féin i dtaobh na n-olc aduairt sé a bhí le teacht orthu. Ach, ag cuir a thoile te toil Dé ínseann sé dhóibh go raibh órdaithe dho an targaireacht a dhéanamh, .i. fíon díbheirge Dé do leogaint anuas orthu 'na bhraonachaibh chun go mbeidís ar meisce uaidh, .i. traochta as a meabhair uaidh.

1 Agus tiocfaidh chun cínn in sna laethantaibh deirineacha go n-ollmhófar sliabh tí an Tiarna i mbarr sléibhte, go hárd os cionn na gcnuc: agus beid daoine ag gluaiseacht ag triall air: 2 agus beidh a lán náisiún ag teacht go mear, agus iad dhá rá so: Téanam, téimís suas go dtí sliabh an Tiarna, agus go dtí tigh Dé Iácóib: agus múinfidh sé a shlite dhúinn, agus siúlóimíd ar a chosánaibh: óir beidh an dlí ag dul amach ó Shíon agus briathar an Tiarna ó Iérúsalem. 3 Agus beidh sé ag breithniú mórán daoine agus ag smachtú geinte láidre in imigéin. Agus beid siad ag bualadh a gclaimhte ’na socaibh céachta, agus a ngathanna ’na rámhainníbh. Ní thógfaidh náisiún claíomh in aghaidh náisiúin: ná ní fhoghlamóid siad[15] cogadh a thuilleadh. 4 Agus beidh gach duine ’na shuí fén’ fhíniúin féinig agus féna chrann fige féinig, agus ní bheidh éinne ann chun eagla do chur orthu: óir tá labhartha ag béal Thiarna na sló. 5 Óir beidh gach aicme daoine ag siúl in ainm a ndia féinig, ach beimídne ag siúl in ainm ár dTiarna Dia go deó deó.

6 Sa ló san, adeir an Tiarna, baileódsa suas í sin atá bacach: agus í siúd a chaitheas amach baileód isteach í, agus baileód suas í siúd ar ar chuireas cruatan. 7 Agus déanfad iarsma di sin a bhí bacach, agus náisiún cómhachtach di siúd ar ar cuireadh cruatan: agus beidh an Tiarna i réim os a gcionn i Síon[*], as so amach anois agus go deó.

8 Agus tusa, a thúr scamallaigh tréada iníne Shíoin, is chútsa a thiocfaidh sé: eadhon, an chéad chómhacht, an ríocht chun iníne Iérúsalem. 9 Anois, cad chuige dhuit bheith ’od tharrac chun a chéile le buairt? An amhlaidh ná fuil aon rí agat ionat, nú an bhfuil do chómhairleach ar ceal treás go bhfuil buaireamh tagaithe ort ar nós mná seólta? 10 Bí i dteinneas agus i mbreóiteacht clainne, a iníon Shíoin, ar nós mná atá ag cur clainne dhi: óir anois a chaithfir imeacht amach as an gcathair agus cónaí ar an dtuaith, agus dul go dtí Babilon, agus san áit sin a chuirfir an chlann díot: san áit sin is ea d’fhuasclóidh an Tiarna thu amach a láimh do namhad.

11 Agus anois tá mórán náisiún cruinnithe i dteannta ’ chéile id choinnibh, agus iad dhá rá: Gabhtar de chlochaibh inti: agus bíodh ár súil ag féachaint ar Shíon. 12 Ach ní heól dóibh smaointe an Tiarna, agus ní thuigid siad a aigne: óir táid siad cruinnithe i dteannta ’ chéile aige ar nós féir an úrláir. 13 Éirigh agus goibh de chosaibh, a iníon Shíoin, óir déanfadsa t’adharc a bheith ’na hiarann agus do chrúba a bheith ’na bprás, agus buailfir ’na mbloghaibh mórán pobal, agus beidh tú ag íbirt a bhfoghla chun an Tiarna, agus a neart chun Tiarna an domhain go léir.

### Caib. a Cúig

*Teacht Chríost ar an saol i mBetlehem. A réim agus a chómhacta sprideálta.*

1 Anois is ea do scriosfar thusa, a iníon an fhoghlaí[16]. Tá imdhridim socair acu ’nár gcoinnibh. Buailfid siad leaca bhreithimh Israél le slait. 2 Agus tusa, a Bhetlehem Ephrata, is suarach tu i measc mílte Iúda: asatsa amach a thiocfidh sé siúd chúmsa, é siúd atá le bheith ’na rialtóir in Israél, agus go bhfuil a dhul amach[17] ón dtosnú, ó laethibh na síoraíochta. 3 Dá bhrí sin, scaoilfidh sé leó go dtí go mbéarfaidh sí sin atá i mbreóiteacht clainne: agus iompófar chun clainne Israél iarsma a bhráthar san.

4 Agus beidh sé ’na sheasamh agus é ag cothú i neart an Tiarna, in aoirde ainme a Thiarna Dia: agus iompófar iad, óir anois a méadófar é go himeallaibh an domhain. 5 Agus beidh an fear san

15 Caib. 4. véar. 3. “*Ná ní fhoghlamóid siad*”. Dlí síochána is ea dlí Chríost. Agus táid daoine dílse Chríost ag déanamh díchill i gcónaí ar bheith i síocháin leis an ndomhan go léir.

16 Caib. 5. véar. 1. “*Iníon an fhoghlaí*”. .i. Babilon, dar le drong, óir do dhein Babilon foghail ar theampall Dé. Dar le drong eile, is í cathair Iérúsalem í, mar gheall ar ar deineadh d’fhoghail agus d’éagóir sa chathair sin.

17 Véar. 2. “*A dhul amach*”, .i. an tÉ sin a béarfar ionatsa sa mhéid gur duine é, agus do rugadh ón Athair i gcaitheamh na síoraíochta sa mhéid gur Dia é.

againn mar shíocháin nuair a thiocfaidh an tAssuíriánach[18] ’nár dtír agus do shatlóidh sé ’nár
dtithibh: agus árdóimíd ’na choinnibh morsheisear aeirí agus ochtar d’fhearaibh creidiúnacha,
6 agus cothóid siad[19] tír Assuíria leis an gclaíomh agus tír Nimroid lena ghathannaibh: agus
fuasclóidh sé sinn ón Assuíriánach nuair a thiocfaidh sé isteach ’nár dtír agus nuair a shatlóidh sé
ar ár gcríochaibh. 7 Agus beidh iarsma Iácóib[20] i lár mórán pobal ar nós drúchta ón dTiarna, agus
ar nós braonacha ar an bhféar, ná bíonn ag feitheamh le duine ná ag fanúint le claínn an duine.
8 Agus beidh iarsma Iácóib i measc na nGeinte, i lár mórán pobal ar nós leóin[21] i measc na
mbeithíoch[*], agus mar ’ bheadh león óg i measc na dtréad caeireach, agus nuair a bheidh sé ag
gabháil tríothu agus ag gabháil de chosaibh iontu agus dhá dtógaint, ní bheidh éinne chun
fuascalta do dhéanamh. 9 Ardófar do lámh os cionn do namhad, agus ídeófar do namhaid go léir.

10 Agus tiocfaidh chun cínn an lá san, adeir an Tiarna, go dtógfadsa an eachra chun siúil[22] as do
lársa, agus go n-ídeód do charbait, 11 agus ídeód cathracha do thíre, agus leagfad ar lár do
dhaingeana go léir agus tógfad chun siúil as do láimh t’asarlaíochtaí go léir, agus ní bheidh aon
fháistineacht ionat. 12 Agus ídeód do nithe snoite go léir, agus do dhealbha, as do lár amach, agus
ní bheidh tú ag adhradh oibre do lámh féinig a thuilleadh. 13 Agus staithfead aníos do choíllte
beaga as do lár; agus brúfad do chathracha. 14 Agus déanfad díoltas le fíoch agus le hoirbhíre i
measc na náisiún go léir nár thug cluas.

**Caib. a Sé**

*Dia ag iomarbháigh leis na Giúdaígh mar gheall ar a n-easpa baochais agus ar a bpeacaíbh; na peacaí a thabharfaidh pionós orthu.*

1 Éistidh leis an rud adeir an Tiarna: Éirigh, dein aighneas leis na sléibhtibh[23] i mbreithiúntas,
agus cloiseadh na cnuic do ghlóir. 2 Cloiseadh na sléibhte breith an Tiarna, agus buínn láidre an
domhain: óir raghaidh an Tiarna i mbreithiúntas lena dhaoine agus déanfaidh sé plé in aghaidh
Israél.

3 A phobal, cad a dheineas-sa ort? Nú conas a bhíos cruaidh ort? Freagair me. 4 Óir thugas aníos
tu a tír na hÉigipte, agus d’fhuasclas tu a tigh na ndaor, agus do chuireas rómhat amach Maois
agus Aaron agus Máire. 5 A phobal, cuímhnigh, aicim ort, ar an ní a bheartaigh Balac rí Mhoaib:
agus ar an bhfreagra a thug Balaam mac Bheóir air, ó Shetim go dtí Galgal[24], ionas go mbeadh
eólas agat ar cheartaithibh an Tiarna.

---

18 Véar. 5. “*An tAssuíriánach*”, .i. lucht géarleanúna ar an eaglais. Assuíriánaigh a thugann an fáidh orthu, óir is iad na hAssuíriánaigh is mó a bhíodh ag géarleanúint ar mhuíntir Dé an uair sin.
—*Ibid*. “*Mórsheisear aeirí*”, .i. cléir eaglaise Dé agus lucht cosanta an chreidimh. Ciallaíonn an focal “mórsheisear”, nú “a seacht”, sa scriptiúir, “a lán”, nú “mórchuid”. Agus nuair a curtar “ochtar” leis tuigtear go mbeidh an uimhir ana-mhór.

19 Véar. 6. “*Cothóid siad*”, .i. déanfaid siad bua sprideálta i dtíorthaibh a lucht géarleanúna, le claíomh na spride, .i. le claíomh Dé. Eph. 6:17.

20 Véar. 7. “*Iarsma Iácóib*”. .i. na haspail, agus na Giúdaígh eile a bheidh ag craobhscaoileadh an chreidimh i dtosach bára agus go dtitfidh a dteagasc ar nós drúchta ar na Geintibh, ag cur an chreidimh ag fás iontu gan feitheamh le léann daonna chun é ’ chur ag fás.

21 Véar. 8. “*Ar nós leóin*”. Ciallaíonn san an neart a bhí in sna daoine a bhí ag craobhscaoileadh an chreidimh ar dtúis agus an rath a bhí ar a saothar sprideálta.

22 Véar. 10. “*Tógfad an eachra chun siúil*”. Tuigid drong go dtagarthar an chainnt sin, agus an chuid eile dá n-abarthar as san go dtí deireadh an chaibidil, do namhad na heagailse. Ach is féidir, leis, a thuiscint go dtagarthar í do sna daoine do ghlacfadh an creideamh agus ná beadh aon ghá a thuilleadh acu le heachra ná le carbataibh ná lena leanann iad.

23 Caib. 6. véar. 1. “*Na sléibhte*”, .i. na maithe móra, priúnsaí an phobail.

24 Véar. 5. “*Ó Shetim go dtí Galgal*”. Tugann sé chun a gcuímhne an tairbhe a dhein sé dhóibh nuair nár leog sé íde ’ dh’imeacht orthu trí dhrochbheartúchán Bhalaic agus trí chómhairle mhallaithe Bhalaaim. Agus ansan ínseann sé dhóibh na míorúiltí a dhein sé dhá dtabhairt isteach sa talamh geallta, nuair a cuir sé ’ fhéáchaint ar uisce abhann Iórdain stad nuair a bhíodar ag teacht ó Shetim go Galgal.

6 Cad é an ní diongbhálta[25] a dh'ofrálfad don Tiarna? Go bhfeacfad mo ghlúine leis i láthair Dé aoird? An ofrálfad *holocauistí* chuige, agus gamhna bliana? 7 An gceannsófar an Tiarna le míltibh reithí, nú le mórán mílte de phocánaibh ramhra? An dtabharfadh mo cheádghein mar gheall ar mo mhallaitheacht, toradh mo chuirp mar gheall ar pheaca m'anama? 8 Taispeánfadsa dhuit, a dhuine, an ní is maith, an ní atá ag an dTiarna á iarraidh ort: breithúntas a dhéanamh go deimhin, agus grá ' bheith agat don trócaire, agus siúl go haireach led Dhia.

9 Tá guth an Tiarna ag glaoch ar an gcathair, agus beidh slánú acu san a chloiseann t'ainm. Cloisidh, a threabha, agus cé ' thabharfaidh toil do? 10 Tá tine fós i dtigh an drochdhuine, saibhreas mallaitheachta, agus tómhas róbheag lán de dhíbheirg[26]. 11 An amhlaidh a cheadód meá éagórtha, agus na troma bréagacha sa mhála? 12 Trínar líonadh a daoine saibhre le mallaitheacht, agus gur labhair a lucht cónaithe bréaga, agus go raibh a dteanga bréagach istigh 'na mbéal. 13 Agus dá bhrí sin do chomas ar thu ' bhualadh le n-íde mar gheall ar do pheacaíbh. 14 Beidh tú ag ithe agus ní líonfar thu: agus beidh t'úmhlú istigh id lár: agus beidh tú ag breith ghreama agus ní shábhálfair; agus an mhuíntir a shábhálfair tabharfadsa suas don chlaíomh iad. 15 Beidh tú ag cur síl agus ní bhainfir: beidh tú ag satailt 'na gcaor ola ach ní húngfar leis an ola thu, agus ag satailt an fhíona nua agus ní ólfair an fíon. 16 Óir do chimeádais reachta Amrí[27], agus gnóthaí uile teaghlaigh Achaib: agus is de réir a dtoile atá siúlta agat, chun go ndéanfainn díot íde, agus dá lucht cónaithe siosarnach, agus is ortsa a bheidh aithis mo dhaoine.

### Caib. a Seacht

*An fáidh ag caí toisc formhór na ndaoine ' bheith ag leanúint ar an ndrochbhéasaibh in ainneóin a chuid fáidheadóireachta agus dea-cómhairle. An léirscrios buailte leó mar gheall air sin: ach iad le fuascailt arís agus an t-ádh le héirí leó: agus an chine daonna go léir le saoradh trí Chríost.*

1 Mairg dómhsa, mar is ionann me agus duine ag bailiú na gcaor i ndeireadh fómhair an fhíona. Níl aon chrobhaing le n-ithe, bhí dúil mh'anama in sna figíbh is luaithe aibidh. 2 Tá an duine naofa ar ceal as an saol, agus níl éinne díreach i measc daoine. Bíd siad go léir ag faire chun fola ' dhortadh, gach duine ag fiach a bhráthar chun báis. 3 Maith a thugaid siad ar olc a lámh: an priúnsa ag lorg, an breitheamh ag tnúth go mbronnfí: agus an duine mór ag ínsint dúil a anama, agus bhuaireadar é. 4 An té is feárr orthu is cuma é nú sceach, agus an té atá fíoraonta is cuma é nú dealg sa bhfál. Tá lá t'fhéachainte, lá na cuarda ort, ag teacht: anois a déanfar an íde orthu.

5 Ná creid duine muínteartha, ná bíodh iúntaoibh agat a priúnsa. Cimeád dóirse do bhéil dúnta uaithi sin a bhíonn ag codladh i t'ucht. 6 Óir tugann an mac tarcaisne don athair, agus bíonn an iníon ag éirí i gcoinnibh a máthar, agus bean an mhic i gcoinnibh máthar a céile, agus is iad muíntir a thí féinig namhaid dhuine.

7 Ach féachfadsa chun an Tiarna, fanfad le Dia, mo Shlánaitheóir. Éistfidh mo Dhia liom. 8 Ná bíse, a namhaid, ag maíomh os mo chionn ó táim ar lár: éireód agus me im shuí i ndoircheacht. Is é an Tiarna mo sholas. 9 Fuiliceód fearg an Tiarna mar do pheacaíos 'na choinnibh: chun go mbreithneóidh sé mo chúis agus go dtabharfaidh sé breith ar mo shon. Tabharfaidh sé amach sa tsolas me. Féachfad ar a cheart. 10 Agus chífid no namhaid. Agus beidh sí sin clúdaithe[28] le náire, í sin adeir liom: Ca bhfuil do Thiarna Dia? Beid mo shúile ag féachaint anuas uirthi: anois a beifar ag gabháil de chosaibh inti ar nos draoibe na sráide. 11 Beidh lá agus déanfar suas t'fhallaí, sa ló san beidh an dlí[29] aistrithe i gcéin. 12 Sa ló san beid siad ag teacht chút ó Assuíria féin, agus

25 Véar. 6. "*Cad é an ní diongbhálta*". Labharthar an chainnt sin i bpearsain an phobail dhá iarraidh go neósfí dhóibh cad a bhí le déanamh acu chun toile Dé do shásamh.

26 Véar. 10. "*Lán de dhíbheirg*". .i. sás maith chun feirge do chur ar Dhia.

27 Véar. 16. "*Reachta Amrí*", .i. drochdhlithe Amrí agus Achaib, ríthe a bhíodh ag adhradh íodal.

28 Caib. 7. véar. 10. "*Clúdófar í*", .i. Babilon mo namhaid.

29 Véar. 11. "*Dlí*", .i. dlí do namhad a bhíodh ag déanamh annsmachta ort.

chómh fada leis na cathrachaibh atá daingean, agus ó sna cathrachaibh daingeana go dtí an abha,
agus ó mhuir go muir, agus ó shliabh go sliabh. 13 Agus fágfar an tír[30] scriosta mar gheall ar a
lucht cónaithe, agus mar gheall ar thoradh a mbeartúchán.

14 Cothaigh do dhaoine led shlait, tréad t'oidhreachta, iad san a chónaíonn 'na n-aonar sa
bhforaois, i lár Chármel. Beid siad ag fosaíocht i mBasan agus i nGalaad de réir na laethanta fadó:
15 de réir na laethanta nuair a bhís ag teacht amach a tír na hÉigipte taispeánfadsa iúnaí dho.
16 Chífid na Geinte agus beidh uathás orthu mar gheall ar a neart go léir: cuirfid siad an lámh ar
an mbéal agus beid a gcluasa bodhar. 17 Beid siad ag líorac na luatha ar nos athrach nímhe, ar nos
na rudaí a bhíonn ag snámh ar an dtalamh, beid siad dá mbuaireamh 'na dtithibh. Beidh eagla acu
roim ár dTiarna Dia agus beidh scannradh orthu rómhatsa.

18 Cé hé is Dia mar thusa, a thógann chun siúil an mhallaitheacht agus a ghabhann thar pheaca
iarsma t'oidhreachta? Ní chuirfidh sé a fhíoch isteach a thuilleadh óir is aoibhinn leis trócaire.
19 Iompóidh sé arís agus déanfaidh sé trócaire orainn. Cuirfidh sé chun siúil ár mallaitheacht,
agus caithfidh sé ár bpeacaí go léir isteach in íochtar na farraige. 20 Déanfair an fhírinne do Iácób,
agus trócaire do Ábraham, fé mar a dhearbhaís dár n-aithreachaibh ó sna laethibh fadó.

**Nóta**

2 *Chómh fada [le] hOdollam*: there is some confusion in the manuscript which has *chómh fada h-h. Odollam.*
2 *Cainnt na bhfáidhí*: the manuscript here has *caint an fháigí*, probably by way of a confusion (*caint an fháig* may the original, being subsequently adjusted for the plural without altering the article and supplying eclipsis).
4 *I Síon*: this is a partial translation, as the Douay Bible has here "in mount Sion".
5 *I measc na mbeithíoch*: this is a partial translation, as the Douay Bible has here "among the beasts of the forests".

30 Véar. 13. "*An tír*", .i. Babilon.